Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2020**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo

**2 uair 30 nóiméad**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1,000 AD - An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Le linn na Cré-Umhaoise in Éirinn tháinig réimse mór de theicnící nua, nuálacha agus cruthaitheacha chun tosaigh sa mhiotalóireacht.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do **dhá** shampla ainmnithe de dhéantúsáin de chuid na Cré-Umhaoise. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don fheidhm, do na teicnící agus don mhaisiúchán atá ag an dá shampla.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar an áit agus ar an gcaoi a bhfuair muintir na Cré-Umhaoise in Éirinn a gcuid bunábhar.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Le teacht na gCeilteach, le linn na hIarannaoise, rinneadh athbheochan ar ealaín na snoíodóireachta cloiche in Éirinn.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do **Ghallán an Tuair Rua**, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don fheidhm, do theicnící saoirseachta cloiche agus don mhaisiúchán.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shampla ainmnithe **amháin** eile de shnoíodóireacht chloiche ón ré seo in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra*.

**3.** Tugtar le fios de thoradh mhaisiú **Leabhar Dharú** go rabhthas faoi anáil tionchair éagsúla nuair a cruthaíodh é.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat don ***léiriú atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do dhearadh, do na híomhánna, don ornáidiú agus do dhath(anna).
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar lámhscríbhinn ainmnithe Éireannach **amháin** eile a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Aithnítear go bhfuil a stíl shainiúil féin ag roinnt le hailtireacht Phallaidiach na hÉireann.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do shampla ainmnithe **amháin** d'ailtireacht Phallaidiach in Éirinn. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ailtire, do na gnéithe ailtireachta agus do mhaisiúchán inmheánach an fhoirgnimh atá roghnaithe agat.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shampla ainmnithe **amháin** eile d'ailtireacht Sheoirseach in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Ó thaobh na péintéireachta de, is dócha gurbh é Jack B. Yeats (1871-1957) an chéad mhór-léirmhínitheoir ar shaol agus ar thírdhreacha nua-aimseartha na hÉireann.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do '**Snámh na Life**' ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar phictiúr ainmnithe **amháin** eile le Jack B. Yeats.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Is fada téamaí as miotaseolaíocht agus finscéalta na hÉireann ina bhfoinsí inspioráide le haghaidh Ealaín na hÉireann.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do '**Fionn Mac Cumhaill agus a Chúnna**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh/don fhoirm, do na bunábhair agus don suíomh.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe Éireannach **amháin** eile atá bunaithe ar mhiotaseolaíocht agus finscéalta na hÉireann.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a leanas:

- Nathaniel Hone Sinsearach (1718-1784)
- Sir John Lavery (1856-1941)
- Roderic O'Conor (1860-1940)
- Eileen Gray (1878-1976)
- Louis le Brocquy (1916-2012)
- Dorothy Cross (r.1956)
- Colin Davidson (r.1968).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra/an dearthóra atá roghnaithe agat, agus déan tagairt mhionsonraithe do **dhá** shaothar ainmnithe. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar/don fheidhm, don stíl, do na meáin/na bunábhair, do na teicnící agus do thionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1,000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Chonacthas forbairtí móra ó thaobh struchtúir agus stíle de le linn na ré Gotaí de thoradh na nuálaíochta i dteicnící ailtireachta.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do shampla ainmnithe **amháin** d'eaglais nó d'ardeaglais Ghotach a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don struchtúr, don leagan amach agus don mhaisiúchán dealbhóireachta.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar thábhacht na gloine daite sa ré Ghotach.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Ina shaothar, d'éirigh le Paolo Uccello (c.1397-1475) dlíthe na heolaíochta agus na matamaitice a chomhcheangal le mionsonrú agus maisiúchán dathannach.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do '**Cath San Romano**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Paolo Uccello.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Tá ardéirim Michelangelo (1475-1564) le feiceáil sa chumas a bhí ann idéil na háilleachta clasaicí a úsáid chun radhairc ard-mhothúchánacha a cheapadh.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do '**Pietà**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Michelangelo.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Meastar Hans Holbein Óg (1497/8-1543) a bheith ar dhuine de an healaíontóirí portráide ba thréithí ón 16ú haois.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do '**Na hAmbasadóirí**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Hans Holbein.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Chuaigh Georges Seurat (1859-1891) i ngleic le hairíonna na foirme, an datha agus an tsolais agus é ag léiriú an tsaoil mórthimpeall air.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do '**Tráthnóna Domhnaigh ar Oileán La Grande Jatte – 1884**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, do dhath(anna), don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Seurat.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Rinne saothar Salvador Dalí (1904-1989) ealaín an 20ú haois a athrú ó bhun trí léiriú a thabhairt ar an intinn neamh-chomhfhiosach.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do phictiúr ainmnithe **amháin** le Dalí. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do dhath(anna) agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Dalí.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar le duine **amháin** díobh seo a leanas:
- Gian Lorenzo Bernini (1598-1680)
- Canaletto (1697-1768)
- Gustave Courbet (1819-1877)
- Claude Monet (1840-1926)
- Lucian Freud (1922-2011).

(b) Déan cur síos agus plé mionsonraithe ar an saothar atá roghnaithe agat, agus bíodh tagairt agat don ealaíontóir, don ábhar, don stíl, don chomhdhéanamh/don fhoirm, do na bunábhair, do na teicnící agus don ré ina ndearnadh an saothar.

(c) Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Déan plé ar fhorbairt ceann **amháin** de na stíleanna nó de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:
- An Nuachlasaiceachas
- An Rómánsachas
- An Siombalachas
- An Bauhaus.

(b) Déan cur síos ar phríomhghnéithe na stíle nó na gluaiseachta a roghnaigh tú.

(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)saothar ina eiseamláir thipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo.

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III - Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Ní mór do ghailearaí ealaíne, músaem nó ionad léirmhíniúcháin éifeachtach riachtanais an bhreathnóra a chur san áireamh ó thaobh rochtain ar na déantúsáin agus eolas fúthu.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do ghailearaí ealaíne, músaem nó ionad léirmhíniúcháin ainmnithe ar thug tú cuairt air. Déan cur síos mion ar **dhá** dhéantúsán ainmnithe ar chuir tú suim iontu, agus déan plé ar conas a chuir rochtain ar agus eolas faoi na déantúsáin sin le do chuid foghlama.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na dúshláin a bhaineann leis na hearraí seo a leanas a chur i láthair le haghaidh taispeántais:

- olaphictiúr mórscála ar chanbhás
- suiteán ina bhfuil scáileán idirghníomhach
- bonn ór.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Is minic a chruthaíonn dearthóirí faisin foirmeacha ealaíne inchaite as bunábhair agus íomhánna neamhghnácha.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat don ***léiriú atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do choincheapa, do na bunábhair, do dhath(anna) agus don éifeacht ó thaobh amhairc de.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc i gcomhair píosa ealaíne inchaite bunaithe ar stíl ealaíne a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Is iondúil go mbaineann 'ealaíona sráide' éifeachtacha le healaíontóirí agus taibheoirí ag comhoibriú le pobal chun eispéiris amharclainne agus amhairc atá mórthaibhseach a chur i láthair ar an tsráid.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt agat don ***léiriú atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don scála, do na bunábhair, do dhath(anna) agus don éifeacht ó thaobh amhairc de.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc i gcomhair mórthaibhsiú 'ealaíon sráide' a cheiliúrann oidhreacht ealaíne na hÉireann. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Is féidir le dearadh troscáin aghaidh a thabhairt ar cheisteanna timpeallachta le linn dó teacht ar bhealaí nuálacha chun táirgí atá inbhuanaithe agus cruthaitheach a dhéanamh.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt agat don íomhá ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, do dhath(anna), don stíl agus do na bunábhair.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc i gcomhair píosa troscáin inbhuanaithe a bheadh oiriúnach le haghaidh seomra páiste. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Bíonn ról fíorthábhachtach ag 'ealaíontóir cluiche' i gcruthú saothar ealaíne déthoiseach (2T) agus tríthoiseach (3T) le haghaidh na ngnéithe amhairc i bhfíschluiche amhail na carachtair agus timpeallachtaí, chun eispéireas amhairc éifeachtach a chur ar fáil do na himreoirí.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt agat d'fhíschluiche ainmnithe **amháin** a bhfuil taithí agat air. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don choincheap, do dhearadh na gcarachtar agus do dhearadh na timpeallachta.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc i gcomhair físchluiche oideachasúil atá bunaithe ar ghailearaí ealaíne nó músaem. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo